

IV

(Fógraí)

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ,
AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

PARLAIMINT NA hEORPA

SEISIÚN 2022-2023

Suíonna ón 18 go dtí an 19 Bealtaine 2022

AN BHRUISÉIL

MIONTUAIRISCÍ AN 18 BEALTAINÉ 2022

(2023/C 21/01)

Clár	Leathanach
1. Athchromadh ar an seisiún	4
2. Oscailt an tsuí	4
3. Suí sollúnta — Aitheasc Maia Sandu, Uachtarán Phoblacht na Moldóive	4
4. Ráiteas ón Uachtarán	4
5. Formheas mhiontuairiscí an tsuí roimhe sin.	4
6. Comhdhéanamh na Parlaiminte	4
7. Fíorú na ndintiúir	5
8. Iarraidh ar chosaint díolúine	5
9. Comhdhéanamh na gcoistí agus na dtoscaireachtaí	5
10. An chaibidlíocht roimh an gcéad léamh sa Pharlaimint (Riail 71)	5

Dé Céadaoin an 18 Bealtaine 2022

Clár	Leathanach
11. Gníomhartha glactha a shíniú i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach (Riail 79)	6
12. Ceisteanna i gcomhair freagra ó bhéal (tíolacadh)	6
13. Gníomhartha tarmlichte (Riail 111(2))	6
14. Bearta chur chun feidhme (Riail 112)	8
15. Doiciméid a fuarthas	9
16. Ord gnó	10
17. Votes sur les demandes d'urgence (Riail 163)	12
18. Comhaontú comhlachais AE le Poblacht na Moldóive (díospóireacht)	12
19. Marú an iriseora Phalaistínigh, Shireen Abu Akleh, agus na tarluithe foréigneacha ar a sochraid (díospóireacht)	13
20. Tuarascáil 2021 an Choimisiúin maidir leis an Smacht Reachta (díospóireacht)	13
21. Comhdhéanamh na Parlaiminte	14
22. Tuarascáil 2021 maidir leis an Macadóin Thuaidh (díospóireacht)	14
23. Tuarascáil 2021 maidir leis an Albáin (díospóireacht)	14
24. Ionchúiseamh an fhreasúra agus coinneáil ceannairí ceardchumann sa Bhealarúis (díospóireacht)	15
25. Íosleibhéal cánachais do ghrúpaí ilnáisiúnta * (díospóireacht)	16
26. Óráidí nóiméad amháin faoi ábhair a bhfuil tábhacht pholaitiúil leo	16
27. Clár oibre an chéad suí eile	17
28. Críoch an tsuí	17
Iarscríbhinn 1 — Liosta na bhFeisirí ar deimhníodh a sainordú	18
CLÁR TINRIMH	20

Dé Céadaoin an 18 Bealtaine 2022

Clár

Leathanach

IARSCRÍBHINN

TORTHAÍ NA VÓTÁLA LE GLAOCH ROLLA	22
1. Clár oibre don Chéadaoin — Iarraidh ón nGrúpa ID	22
2. Clár oibre don Chéadaoin — Iarraidh ón nGrúpa The Left	23

Dé Céadaoin an 18 Bealtaine 2022

MIONTUAIRISCÍ AN 18 BEALTAINÉ 2022

SA CHATHAOIR: Roberta METSOLA

Uachtarán

1. Athchromadh ar an seisiún

Athchromadh ar an seisiún a cuireadh ar atráth Déardaoin an 5 Bealtaine 2022.

2. Oscailt an tsuí

Oscloíodh an suí ar 15.05.

3. Suí sollúnta — Aitheasc Maia Sandu, Uachtarán Phoblacht na Moldóive

Ó 15.06 go dtí 15.33, tionóladh suí foirmiúil na Parlaiminte tráth chuairt Uachtarán Phoblacht na Moldóive Maia Sandu.

4. Ráiteas ón Uachtarán

Chuir an tUachtarán in iúl don Pharlaimint gur chuir sí litir chuig Uachtarán Pharlaimint na hIaráine Mohammad Bagher Ghalibaf, ag cáineadh go láidir, thar ceann na Parlaiminte, gur gearradh pionós an bháis ar an taighdeoir Iaránach-Sualannach, an tOllamh Ahmadreza Djalali agus go bhfuil sé le cur chun báis an 21 Bealtaine seo.

D'athdhearbhaigh an tUachtarán seasamh na Parlaiminte go bhfuil sí go láidir i gcoinne phionós an bháis agus d'iarr sí an athuair ar Phoblacht Ioslamach na hIaráine go scaoilfear an tOll. Ahmadreza Djalali saor láithreach bonn.

5. Formheas mhiontuairiscí an tsuí roimhe sin.

Glacadh le miontuairiscí an tsuí roimhe sin.

6. Comhdhéanamh na Parlaiminte

Thug údaráis inniúla na Slóivéine fógra do Pharlaimint na hEorpa faoi thoghadh Tanja Fajon ina comhalta de pharlaimint náisiúnta na Slóivéine.

Thug an Pharlaimint dá haire, i gcomhréir le hAirteagal 7(1) d'Ionstraim an 20 Meán Fómhair 1976 maidir le toghadh fheisirí Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach, nach raibh an seasamh sin ag lú le stádas Feisire de Pharlaimint na hEorpa. I gcomhréir le Rial 4(1) agus (4) de na Rialacha Nós Imeachta, chinn an Pharlaimint go bhfuil an suíochán folamh le héifeacht ón 13 Bealtaine 2022.

7. Fíorú na ndintiúr

Ar thogra ó Choiste JURI, i gcomhréir le Rial 3(4) de na Rialachán Nós Imeachta, rinne an Pharlaimint bailíochtú ar shainordú 26 Fheisire a toghadh sa Pharlaimint tar éis don Ríocht Aontaithe tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus do 23 Fheisire a toghadh chun dul in ionad Feisirí atá ag dul as oifig.

Tá liosta na bhFeisirí sin agus dátaí theacht i bhfeidhm a gcuid sainorduithe i gceangal leis na miontuairiscí seo (*Iarscríbhinn 1 de mhiontuairiscí an 18.5.2022*).

8. Iarraidh ar chosaint díolúine

Thíolaic Helmut Geuking iarraidh maidir lena dhíolúintí agus a phribhléidí a chosaint i dáil le nós imeachta atá ar feitheamh os comhair Chúirt Réigiúnach in Hamburg.

Faoi Rial 9(1), rinneadh an iarraidh a tharchur chuig an gcoiste freagrach, an Coiste JURI.

9. Comhdhéanamh na gcoistí agus na dtoscaireachtaí

Chuir na grúpaí PPE, S&D, ID agus rúnaíocht na bhFeisirí neamhcheangailteacha an tUachtarán ar an eolas faoi na cinní seo a leanas lena modhnaítear comhdhéanamh na gcoistí agus na dtoscaireachtaí:

- Coiste DEVE: Manolis Kefalogiannis in ionad Anna-Michelle Asimakopoulou
- Coiste ECON: Anna-Michelle Asimakopoulou
- Coiste ENVI: Maria Arena in ionad Iratxe García Pérez
- Coiste JURI: Virginie Joron in ionad Jean-Paul Garraud
- Coiste LIBE: Isabel Santos in ionad Iratxe García Pérez
- Coiste PETI: Tatjana Ždanoka
- an Toscaireacht don chaidreamh le Leithinis na hAraibe: Manolis Kefalogiannis
- an Toscaireacht don chaidreamh leis an Afganastáin: Tatjana Ždanoka

Tháinig na cinní i bhfeidhm amhail ón lá sin.

10. An chaibidlíocht roimh an gcéad léamh sa Pharlaimint (Rial 71)

Tá cinneadh déanta ag an gCoiste INTA agus ag an gCoiste IMCO dul i mbun caibidlíocht idirinstiúideach de bhun Rial 71 ar bhonn na tuarascála seo a leanas:

- Coiste INTA — Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcuirtear i bhfeidhm scéim ghinearálaithe um fhabhair tharaife agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa ón gComhairle (COM(2021)0579 — C9-0364/2021 — 2021/0297(COD)) — Rapóirtéir: Heidi Hautala (A9-0147/2022);
- Coiste IMCO — Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí innealra (COM(2021)0202 — C9-0145/2021 — 2021/0105(COD)) — Rapóirtéir: Ivan Štefanec (A9-0141/2022).

I gcomhréir le Rial 71(2) de na Rialacha Nós Imeachta, féadfaidh roinnt Feisirí nó grúpa polaitiúil amháin nó níos mó a shroicheadh an meántairseach ar a laghad a iarraidh i scríbhinn, roimh mheán oíche an lae amárach, an 19 Bealtaine 2022, go ndéanfaí vótáil ar chinntí chun dul i mbun caibidlíochta.

Féadfar tús a chur leis an gcaibidlíocht tráth ar bith tar éis dhul in éag na teorann ama i gcás nach ndearnadh aon iarraidh ar vótáil maidir leis an gcinneadh dul i mbun caibidlíochta.

Dé Céadaoin an 18 Bealtaine 2022**11. Gníomhartha glactha a shíniú i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach (Riail 79)**

Shíneodh an tUachtarán, in éineacht le hUachtarán na Comhairle, na gníomhartha seo a leanas, ar gníomhartha iad arna nglacadh le linn thréimhse an tseisiúin reatha i gcomhréir leis an ngnáth nós imeachta reachtach:

- Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialachas sonraí Eorpach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724 (an Gníomh um Rialachas Sonraí) (00085/2021/LEX — C9-0180/2022 — 2020/0340(COD));
- Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh 2003/17/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann lena thréimhse feidhme agus a mhéid a bhaineann le coibhéis cigireachtaí allamuigh a dhéantar sa Bholaiv maidir le barra táirgthe síl gránach agus le barra táirgthe síl plandaí ola agus plandaí snáithín agus maidir le coibhéis síl gránach agus síol plandaí ola agus plandaí snáithín a tháirgtear sa Bholaiv (00010/2022/LEX — C9-0178/2022 — 2022/0016(COD));
- Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha idirthréimhseacha maidir le pacáistiú agus lipéadú táirgí íocshláinte tréidliachta atá údaraithe nó atá cláraithe i gcomhréir le Treoir 2001/82/CE nó le Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 (00019/2022/LEX — C9-0177/2022 — 2022/0053(COD));
- Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagar tras-Eorpach fuinnimh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2009, (AE) 2019/942 agus (AE) 2019/943 agus Treoracha 2009/73/CE agus (AE) 2019/944, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 (00002/2022/LEX — C9-0176/2022 — 2020/0360(COD));
- Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le córas píolótach le haghaidh bonneagair mhargaidh atá bunaithe ar theicneolaíocht mórleabhar dáilte, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 600/2014 agus (AE) Uimh. 909/2014 agus Treoir 2014/65/AE (00088/2021/LEX — C9-0173/2022 — 2020/0267(COD));
- Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le córas ríomhairithe le haghaidh malartú trasteorann leictreonach sonraí i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair sibhialta agus coiriúla (an córas e-CODEX), agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726 (00087/2021/LEX — C9-0164/2022 — 2020/0345(COD)).

12. Ceisteanna i gcomhair freagra ó bhéal (tíolacadh)

Cuireadh na ceisteanna seo a leanas i gcomhair freagra ó bhéal maille le díospóireacht ar an gclár oibre (Riail 136):

- O-000011/2022 ó Sabine Verheyen, thar ceann Choiste CULT, ar an gCoimisiún: An Limistéar Eorpach Oideachais a bhunú faoi 2025 — micridhintiúir, cuntais foghlama aonair agus foghlaim le haghaidh comhshaoil inbhuanaithe (B9-0013/2022)
- O-000012/2022 ó Sabine Verheyen, thar ceann Choiste CULT, ar an gComhairle: An Limistéar Eorpach Oideachais a bhunú faoi 2025 — micreadhintiúir, cuntais foghlama aonair agus foghlaim le haghaidh comhshaoil inbhuanaithe (B9-0014/2022).

13. Gníomhartha tarmlichthe (Riail 111(2))**Dréachtghníomhartha tarmlichthe a cuireadh ar aghaidh chuig an bParlaimint**

- Rialachán Tarmlichthe ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gcóras comtháite riaracháin agus rialaithe sa chomhbheartas talmhaíochta agus cur i bhfeidhm agus ríomh pionós riaracháin maidir le coinníollacht (C(2022)02789 — 2022/2667(DEA))

Teorainn ama chun agóidí a ardú: 2 mhí ón dáta fála an 4 Bealtaine 2022

tarchurtha chuig an gcoiste freagrach: AGRI

Dé Céadaoin an 18 Bealtaine 2022

- Rialachán Tarmligtha ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an nós imeachta chun fineálacha riaracháin a fhorchur agus maidir leis na modhanna lena ríomh agus lena mbailiú (C(2022)02804 — 2022/2668(DEA))

Teorainn ama chun agóidí a ardú: 2 mhí ón dáta fála an 5 Bealtaine 2022

tarchurtha chuig an gcoiste freagrach: IMCO

- Rialachán Tarmligtha ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na ceanglais is infheidhme maidir le táirgí leasacháin AE ina bhfuil comhdhúile coisctheacha agus maidir le hiarphróiseáil díleáiteáin (C(2022)02882 — 2022/2669(DEA))

Teorainn ama chun agóidí a ardú: 3 mhí ón dáta fála an 5 Bealtaine 2022

tarchurtha chuig an gcoiste freagrach: IMCO
tuairim: ENVI (Riail 57), AGRI (Riail 57)

- Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun an Rúis, ina cáil mar cheann scríbe, a bhaint de raon feidhme na n-údaruithe ginearálta onnmh-airiúcháin ón Aontas (C(2022)02885 — 2022/2666(DEA))

Teorainn ama chun agóidí a ardú: 2 mhí ón dáta fála an 3 Bealtaine 2022

tarchurtha chuig an gcoiste freagrach: INTA

- Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 183/2014 a mhéid a bhaineann le ríomh coigeartuithe sonracha agus ginearálta ar phriacal creidmheasa a shonrú (C(2022)03008 — 2022/2680(DEA))

Teorainn ama chun agóidí a ardú: 1 mí ó fuarthas an 12 Bealtaine 2022

tarchurtha chuig an gcoiste freagrach: ECON

- Treoir Tharmligthe ón gCoimisiún lena leasaítear, chun í a chur in oiriúint don dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch, Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le díolúine i leith úsáid luaidhe i gcáblaí agus sreanga forsheoltacha ocsaíd chopair chailciam strointiam biosmait agus luaidhe ina naisc leictreacha (C(2022)03040 — 2022/2682(DEA))

Teorainn ama chun agóidí a ardú: 2 mhí ón dáta fála an 12 Bealtaine 2022

tarchurtha chuig an gcoiste freagrach: ENVI

- Treoir Tharmligthe ón gCoimisiún lena leasaítear, chun í a chur in oiriúint don dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch, Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le díolúine i leith úsáid luaidhe i bhfeistí íomháithe athshondais mhaighnéadaigh áirithe (C(2022)03041 — 2022/2683(DEA))

Teorainn ama chun agóidí a ardú: 2 mhí ón dáta fála an 12 Bealtaine 2022

tarchurtha chuig an gcoiste freagrach: ENVI

Dréachtghníomh tarmligthe a bhfuil fadú curtha leis an tréimhse chun agóidí a dhéanamh ina leith

- Treoir Tharmligthe ón gCoimisiún lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle maidir le substaintí sícighníomhacha nua a áireamh sa sainmhíniú ar “dhruga” C(2022)01552 — 2022/2604(DEA)

Teorainn ama chun agóidí a ardú: 2 mhí ón dáta fála an 18 Márta 2022

Fadú ar an teorainn ama chun agóidí a thaisceadh: 2

tarchurtha chuig an gcoiste freagrach: LIBE

Dé Céadaoin an 18 Bealtaine 2022

14. Bearta chur chun feidhme (Riail 112)**Dréachtbhearta cur chun feidhme a thagann faoin nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a cuir-eadh ar aghaidh chuig an bParlaimint**

- Rialachán ón gCoimisiún lena leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh ian fluairíde, ocsafluairfeine, piorocsulam, cuinmeireac agus fluairíd sulfairile i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe (D075646/05 — 2022/2674(RPS) — Spriocdháta: 10 Iúil 2022)
tarchurtha chuig an gcoiste freagrach: ENVI
- Rialachán ón gCoimisiún lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 maidir le critéir shonracha chun substaintí gníomhacha ar miocroorgánaigh iad a fhorghnó (D076406/05 — 2022/2675(RPS) — Spriocdháta: 12 Lúnasa 2022)
tarchurtha chuig an gcoiste freagrach: ENVI
tuairim: IMCO (Riail 57), AGRI (Riail 57)
- Rialachán ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 283/2013 a mhéid a bhaineann leis an bhfaisnéis a bheidh le cur isteach maidir le substaintí gníomhacha agus na ceanglais shonracha sonraí i ndáil le miocroorgánaigh (D076407/05 — 2022/2676(RPS) — Spriocdháta: 12 Lúnasa 2022)
tarchurtha chuig an gcoiste freagrach: ENVI
tuairim: IMCO (Riail 57), AGRI (Riail 57)
- Rialachán ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 284/2013 a mhéid a bhaineann leis an bhfaisnéis a bheidh le cur isteach maidir le táirgí cosanta plandaí agus na ceanglais shonracha sonraí i ndáil le táirgí cosanta plandaí a bhfuil miocroorgánaigh iontu (D076408/05 — 2022/2677(RPS) — Spriocdháta: 12 Lúnasa 2022)
tarchurtha chuig an gcoiste freagrach: ENVI
tuairim: IMCO (Riail 57), AGRI (Riail 57)
- Rialachán ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 546/2011 a mhéid a bhaineann le prionsabail aon-fhoirmeacha sonracha chun measúnú agus údarú a dhéanamh ar tháirgí cosanta plandaí a bhfuil miocroorgánaigh iontu (D076409/05 — 2022/2678(RPS) — Spriocdháta: 12 Lúnasa 2022)
tarchurtha chuig an gcoiste freagrach: ENVI
tuairim: IMCO (Riail 57), AGRI (Riail 57)
- Rialachán ón gCoimisiún lena leasaítear Iarscríbhinní II, III agus IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar i gcás aimeatochtraidine, clóirmeacuat, dóidín, nicítín, próifeanafos agus víreas polaihéadróise núicléach ilchairsideach *Spodoptera exigua* (SeMNPV), aonraíoch BV-0004, i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe (D079000/03 — 2022/2671(RPS) — Spriocdháta: 5 Iúil 2022)
tarchurtha chuig an gcoiste freagrach: ENVI
- Rialachán ón gCoimisiún lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh fluidhé-ocsainile i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe (D079005/03 — 2022/2670(RPS) — Spriocdháta: 5 Iúil 2022)
tarchurtha chuig an gcoiste freagrach: ENVI
- Rialachán ón gCoimisiún lena leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le huasleibhéil iarmhar le haghaidh beinsivindéfhluipire, boscailide, feanasacuine, fluasafop-P, fluipiridhéhúróin, flocsaipiorocsad, foiseitil-Al, isifeitimíde, meataflumasóin, pireaclóstróibine, spiriteitreamat, tolclofos meitile i dtáirgí áirithe nó orthu (D079006/03 — 2022/2684(RPS) — Spriocdháta: 16 Iúil 2022)
tarchurtha chuig an gcoiste freagrach: ENVI
- Rialachán ón gCoimisiún maidir le hábhair phlaisteacha athchúrsáilte agus earraí plaisteacha athchúrsáilte atá beartaíte lena dteacht i dteagmháil le bianna, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 282/2008 (D079492/04 — 2022/2679(RPS) — Spriocdháta: 12 Lúnasa 2022)
tarchurtha chuig an gcoiste freagrach: ENVI

Dé Céadaoin an 18 Bealtaine 2022

- Rialachán ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1126/2008 a mhéid a bhaineann leis an gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 17 (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (D081043/01 — 2022/2663(RPS) — Spriocdháta: 3 Lúnasa 2022)
tarchurtha chuig an gcoiste freagrach: ECON
tuairim: JURI (Riail 57)
- Rialachán ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le substaintí áirithe a aicmítear mar shubstaintí carcanaigineacha, só ghineacha nó atá tocsaineach don atáirgeadh, a úsáid i dtáirgí cosmaideacha agus lena gceartaítear an Rialachán sin (D081047/01 — 2022/2672(RPS) — Spriocdháta: 29 Iúil 2022)
tarchurtha chuig an gcoiste freagrach: ENVI

15. Doiciméid a fuarthas

Fuarthas na doiciméid seo a leanas:

1) ó institiúidí eile

- Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos coinníollacha comhchuibhithe maidir le táirgí foirgníochta a mhargú, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 (COM(2022)0144 — C9-0129/2022 — 2022/0094(COD))
I gcomhréir le Riail 145(1), rachadh an tUachtarán i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir leis an togra seo.
tarchurtha freagrach: IMCO
tuairim: BUDG, ENVI, ITRE
- Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cosaint tásca geografacha le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1001 agus Rialachán (AE) 2019/1753 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh (AE) 2019/1754 ón gComhairle (COM(2022)0174 — C9-0148/2022 — 2022/0115(COD))
tarchurtha freagrach: JURI
tuairim: INTA, ITRE, IMCO
- Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le fianaise a bhailiú, a chaomhnú agus a anailísiú in Eurojust ar fianaise í a bhaineann le cinedhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus le coireanna cogaidh (COM(2022)0187 — C9-0155/2022 — 2022/0130(COD))
tarchurtha freagrach: LIBE
- Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1806 lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin (Cuáit, Catar) (COM(2022)0189 — C9-0160/2022 — 2022/0135(COD))
tarchurtha freagrach: LIBE
- Togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón bhFrainc — EGF/2022/001 FR/Air France (COM(2022)0201 — C9-0170/2022 — 2022/0143(BUD))
tarchurtha freagrach: BUDG
tuairim: EMPL, REGI
- Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2011/83/AE a mhéid a bhaineann le conarthaí seirbhísí airgeadais a thugtar i gcrích go cianda agus lena n-aisghairtear Treoir 2002/65/CE (COM(2022)0204 — C9-0175/2022 — 2022/0147(COD))
I gcomhréir le Riail 145(1), rachadh an tUachtarán i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir leis an togra seo.
tarchurtha freagrach: IMCO
tuairim: ECON, JURI

Dé Céadaoin an 18 Bealtaine 2022

- Cinneadh ón gComhairle a bhaineann le tabhairt i gcrích na leasuithe ar an gComhaontú Idirnáisiúnta Siúcra, 1992 (07978/2022 — C9-0181/2022 — 2022/0082(NLE))
tarchurtha freagrach: INTA
tuairim: BUDG, AGRI

2) ó na coistí

- ***I Tuarascáil ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2014/53/AE maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh raidió a chur ar fáil ar an margadh (COM(2021)0547 — C9-0366/2021 — 2021/0291(COD)) — IMCO — Rapóirtéir: Alex Agius Saliba (A9-0129/2022)
- Tuarascáil ar Thuarascáil 2021 ón gCoimisiún maidir leis an Albáin (2021/2244(INI)) — AFET — Rapóirtéir: Isabel Santos (A9-0131/2022)
- Tuarascáil ar Thuarascáil 2021 ón gCoimisiún maidir leis an Macadóin Thuaidh (2021/2248(INI)) — AFET — Rapóirtéir: Ilhan Kyuchyuk (A9-0133/2022)
- ***I Tuarascáil ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus bainistíochta chun an Tuinnín Gorm Deisceartach a Chaomhnú (COM(2021)0424 — C9-0344/2021 — 2021/0242(COD)) — PECH — Rapóirtéir: Grace O'Sullivan (A9-0134/2022)
- ***I Tuarascáil ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le forálacha áirithe i ndáil le hiascaireacht i limistéar Chomhaontú CGIM (An Coimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir) (athmhúnlú) (COM(2021)0434 — C9-0345/2021 — 2021/0248(COD)) — PECH — Rapóirtéir: Ladislav Ilčík (A9-0136/2022)
- ***I Tuarascáil maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/954 maidir le creat chun deimhnithe idir-inoibritheacha COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh (Deimhniú Digiteach COVID an Aontais) a eisiúint agus a fhíorú, agus chun go nglacfaí leo, a mhéid a bhaineann le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go dleathach nó ina gcónaí go dleathach ar chríocha na mBallstát le linn phaindéim COVID-19 (COM(2022)0055 — C9-0032/2022 — 2022/0030(COD)) — LIBE — Rapóirtéir: Juan Fernando López Aguilar (A9-0137/2022)
- Tuarascáil ar thuarascáil 2021 ón gCoimisiún maidir leis an Smacht Reachta (2021/2180(INI)) — LIBE — Rapóirtéir: Terry Reintke (A9-0139/2022)
- * Tuarascáil ar an togra le haghaidh treoir ón gComhairle maidir le híosleibhéal domhanda cánachais a bhunú do ghrúpaí ilnáisiúnta san Aontas (COM(2021)0823 — C9-0040/2022 — 2021/0433(CNS)) — ECON — Rapóirtéir: Aurore Lalucq (A9-0140/2022)
- Tuarascáil maidir le cur chun feidhme Chomhaontú Comhlachais AE le Poblacht na Moldóive (2021/2237(INI)) — AFET — Rapóirtéir: Dragoş Tudorache (A9-0143/2022)
- ***I Tuarascáil maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le léirscaoileadh trádála sealadach lena bhforlíontar na lamháiltais trádála is infheidhme i dtaca le táirgí na hÚcráine faoin gComhaontú Comhlachais idir an tAontas agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a gcuid Ballstát, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile (COM(2022)0195 — C9-0159/2022 — 2022/0138(COD)) — INTA — Rapóirtéir: Sandra Kalniete (A9-0146/2022)

16. Ord gnó

Cuireadh ar fáil d'Fheisirí an dréachtchlár oibre críochnaitheach do shuí Bealtaine II 2022 (PE 732.265/PDOJ) i gcomhréir le Rial 157(3) de na Rialacha Nós Imeachta.

Chuir an tUachtarán an dá iarraidh ar chur i bhfeidhm an nós imeachta práinne (Rial 163) in iúl a fuarthar ó Choiste ENVI agus ó Choiste LIBE maidir leis na doiciméid reachtacha seo a leanas:

- Rialachán (AE) 2016/1628: Leathnú ar chumhachtú an Choimisiúin i leith gníomhartha tarmligthe a ghlacadh ***I (COM(2022)0113 — 2022/0080(COD));

Dé Céadaoin an 18 Bealtaine 2022

- Fianaise a bhailiú, a chaomhnú agus a anailísiú ag Eurojust, ar fianaise í a bhaineann le cinedhíothú, le coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus le coireanna cogaidh ***I (COM(2022)0187 — 2022/0130(COD)).

Déanfar vótáil ar an dá iarraidh sin tar éis ghlacadh an chláir oibre (*pointe 17 de Mhiontuairisc an 18 Bealtaine 2022*). Dá nglacfaí iad, reachtálfaí an vótáil Déardaoin, an 19 Bealtaine 2022.

Le comhaontú ó na grúpaí polaitiúla, mhol an tUachtarán na modhnuithe seo a leanas:

Dé Céadaoin agus Déardaoin

Ós nach raibh an Chomhairle in ann a bheith i láthair i rith an pháirtseisiúin reatha, modhnófar ráitis na Comhairle agus an Choimisiúin seo a leanas le ráitis ón gCoimisiún:

- 'Ionchúiseamh an fhreasúra agus coinneáil ceannairí ceardchumann sa Bhealarúis' (*pointe 29 de PDOJ*);
- 'An comhrac i gcoinne saoirse ó phionós i gcás coireanna cogaidh san Úcráin' (*pointe 23 de PDOJ*) agus
- 'Dlúthpháirtíocht agus slándáil fuinnimh Eorpach in aghaidh ionradh na Rúise ar an Úcráin, lena n-áirítear na ciorruithe a rinneadh le déanaí ar an soláthar gáis go dtí an Pholainn agus an Bhulgáir' (*pointe 24 de PDOJ*).

Déardaoin

Teideal an ráitis ón gCoimisiún arb é an tríú pointe ar an clár oibre le haghaidh maidin Déardaoin, déanfar é a athrú ó 'Dlúthpháirtíocht agus slándáil fuinnimh Eorpach in aghaidh ionradh na Rúise ar an Úcráin, lena n-áirítear na ciorruithe a rinneadh le déanaí ar an soláthar gáis go dtí an Pholainn agus an Bhulgáir' (*pointe 24 de PDOJ*) go 'Plean REPowerEU: Dlúthpháirtíocht agus slándáil fuinnimh Eorpach in aghaidh ionradh na Rúise ar an Úcráin, lena n-áirítear na ciorruithe a rinneadh le déanaí ar an soláthar gáis go dtí an Pholainn agus an Bhulgáir'.

Cuirfear an tuarascáil ó Sandra Kalniete ar 'Léirscaoileadh trádála sealadach lena bhforlíontar na lamháltais trádála is infheidhme maidir le táirgí ón Úcráin faoin gComhaontú Comhlachais idir AE agus an Úcráin' (A9-0146/2022) go díreach leis an am vótála Déardaoin.

D'aontaigh an Pharlaimint leis na hathruithe sin.

Thairis sin, fuair an tUachtarán na hiarrataí ar mhodhnuithe seo a leanas i gcomhréir le Rial 158 de na Rialacha Nós Imeachta:

Dé Céadaoin

D'iarr an grúpa ID go gcuirfear isteach mar phointe deiridh ar an gclár oibre don Chéadaoin, ráiteas ón gCoimisiún ar 'Géarleanúint Críostaithe ar fud an domhain, go háirithe cás Deborah Samuel'.

Labhair Jean-Paul Garraud, thar ceann an Ghrúpa ID, a thionscain an iarraidh.

Dhiúltaigh an Pharlaimint don iarraidh trí vótáil le gloach rolla (231 i bhfabhar, 244 i gcoinne, 19 staonadh).

D'iarr an grúpa The Left go gcuirfear isteach mar thrú pointe ar an gclár oibre don Chéadaoin ráiteas ón gCoimisiún ar 'Mharú an iriseora Phalaistínigh, Shireen Abu Akleh, agus an foréigean ar a sochraid'.

Labhair na daoine seo a leanas: Manu Pineda, thar ceann an Ghrúpa The Left, a thionscain an iarraidh, agus Evin Incir, thar ceann an Ghrúpa S&D, chun a mholadh go n-athrófaí an teideal mar seo a leanas: 'Marú an iriseora Phalaistínigh, Shireen Abu Akleh, agus na tarluithe foréigneacha ar a sochraid' agus go mbeadh cead labhartha ag na grúpaí polaitiúla i ndiaidh an ráitis.

Trí VGR (414 i bhfabhar, 37 i gcoinne, 47 staonadh), d'fhormheas an Pharlaimint an iarraidh ón ngrúpa The Left, arna leasú leis an togra ón ngrúpa S&D.

Bunaíodh an t-ord gnó dá bhrí sin.

Dé Céadaoin an 18 Bealtaine 2022

SA CHATHAOIR: Othmar KARAS

*Leas-Uachtarán***17. Votes sur les demandes d'urgence (Riail 163)**

Vótáil an Pharlaimint ar na hiarrataí seo a leanas maidir le cur i bhfeidhm an nós imeachta práinne arna thíolacadh ag Coiste ENVI agus Coiste LIBE:

- Rialachán (AE) 2016/1628: Leathnú ar chumhachtú an Choimisiúin i leith gníomhartha tarmlichte a ghlacadh ***I [COM(2022)0113 — C9-0119/2022 — 2022/0080(COD)] — An Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia.

D'fhorhmheas an Pharlaimint an iarraidh le haghaidh nós imeachta práinne. Dhéanfaí an vótáil ar 12.00 an lá dar gcionn.

Tá na teorainneacha ama seo a leanas leagtha síos maidir le tíolacadh:

- leasuithe: 18 Bealtaine 2022 ar 17.00.
 - vótáil dheighilte agus vótáil ar leithligh: 18 Bealtaine 2022 ar 20.00.
- Fianaise a bhailiú, a chaomhnú agus a anailísiú ag Eurojust, ar fianaise í a bhaineann le cinédhóthú, le coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus le coireanna cogaidh ***I [COM(2022)0187 — C9-0155/2022 — 2022/0130(COD)] — An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile.

Labhair Juan Fernando López Aguilar (Cathaoirleach Choiste LIBE), a thionscain an iarraidh.

D'fhorhmheas an Pharlaimint an iarraidh le haghaidh nós imeachta práinne. Dhéanfaí an vótáil ar 12.00 an lá dar gcionn

Tá na teorainneacha ama seo a leanas leagtha síos maidir le tíolacadh:

- leasuithe: 18 Bealtaine 2022 ar 17.00.
- vótáil dheighilte agus vótáil ar leithligh: 18 Bealtaine 2022 ar 20.00.

18. Comhaontú comhlachais AE le Poblacht na Moldóive (díospóireacht)

Tuarascáil ar chur chun feidhme Chomhaontú comhlachais AE le Poblacht na Moldóive [2021/2237(INI)] — An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha. Rapóirtéir: Dragoş Tudorache (A9-0143/2022)

Dragoş Tudorache a chuir an tuarascáil i láthair.

Labhair Olivér Várhelyi (comhalta den Choimisiún).

Labhair na daoine seo a leanas: Andrzej Halicki, thar ceann an Ghrúpa PPE, Juozas Olekas, thar ceann an Ghrúpa S&D, Ramona Strugariu, thar ceann an Ghrúpa Renew, Viola von Cramon-Taubadel, thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE, Bernhard Zimniok, thar ceann an Ghrúpa ID, Anna Fotyga, thar ceann an Ghrúpa ECR, Emmanuel Maurel, thar ceann an Ghrúpa The Left, Siegfried Mureşan, Tonino Picula, Dacian Cioloş, a thug freagra freisin ar cheist cárta ghoirm ó Eugen Tomac, Markéta Gregorová, Rasa Juknevičienė, Evin Incir, Urmas Paet agus Ewa Kopacz.

Labhair na daoine seo a leanas faoin nós imeachta um aird a tharraingt: Maria Grapini, Bronis Ropé agus Eugen Tomac.

Labhair na daoine seo a leanas: Olivér Várhelyi agus Dragoş Tudorache.

Tugadh an díospóireacht chun críche.

Vótáil: ítim 7.4 de mhiontuairiscí an 19.5.2022.

Dé Céadaoin an 18 Bealtaine 2022

19. Marú an iriseora Phalaistínigh, Shireen Abu Akleh, agus na tarluithe foréigneacha ar a sochraid (díospóireacht)

Ráiteas ón gCoimisiún: Marú an iriseora Phalaistínigh, Shireen Abu Akleh, agus na tarluithe foréigneacha ar a sochraid (2022/2688(RSP))

Olivér Várhelyi (comhalta den Choimisiún) a rinne an ráiteas.

Labhair na daoine seo a leanas: Miriam Lexmann, thar ceann an Ghrúpa PPE, Iratxe García Pérez, thar ceann an Ghrúpa S&D, Hilde Vautmans, thar ceann an Ghrúpa Renew, Jordi Solé, thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE, Bert-Jan Ruissen, thar ceann an Ghrúpa ECR, agus Manu Pineda, thar ceann an Ghrúpa The Left.

Labhair Olivér Várhelyi.

Tugadh an díospóireacht chun críche.

20. Tuarascáil 2021 an Choimisiúin maidir leis an Smacht Reachta (díospóireacht)

Tuarascáil ar Thuarascáil 2021 an Choimisiúin maidir leis an Smacht Reachta [2021/2180(INI)] — An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile. Rapóirtéir: Terry Reintke (A9-0139/2022)

Terry Reintke a chuir an tuarascáil i láthair.

Labhair Monika Hohlmeier (rapóirtéir don tuairim ó Choiste CONT).

SA CHATHAOIR: Evelyn REGNER

Leas-Uachtarán

Labhair Franco Roberti (rapóirtéir don tuairim ó Choiste JURI).

Labhair Didier Reynders (comhalta den Choimisiún).

Labhair na daoine seo a leanas: Sophia in 't Veld (rapóirtéir don tuairim ó Choiste AFCO), Isabel Benjumea Benjumea (rapóirtéir don tuairim ó Choiste PÉTI), Vladimír Bilčík, thar ceann an Ghrúpa PPE, Thijs Reuten, thar ceann an Ghrúpa S&D, Anna Júlia Donáth, thar ceann an Ghrúpa Renew, Alice Kuhnke, thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE, Hélène Laporte, thar ceann an Ghrúpa ID, Dominik Tarczyński, thar ceann an Ghrúpa ECR, (Mheabhraigh an tUachtarán don Pharlaimint na rialacha maidir le hiompar na bhFeisirí), Clare Daly, thar ceann an Ghrúpa The Left, Laura Ferrara, Feisire neamhcheangailte, Paulo Rangel, Gabriele Bischoff, Fabienne Keller, Diana Riba i Giner, Nicolaus Fest, Zdzisław Krasnodębski, Malin Björk, Kinga Gál, Isabel Wiseler-Lima, Juan Fernando López Aguilar, Moritz Körner, Mikuláš Peksa, Jean-Paul Garraud, Beata Kempa, Clara Ponsatí Obiols, Tomáš Zdechovský, Klára Dobrev, Pierre Karleskind, Daniel Freund, Gilles Lebreton, Ladislav Ilčík, Ivan Vilibor Sinčić, Loucas Fourlas, Łukasz Kohut, a thug freagra freisin ar cheist cárta ghoirm ó Bogdan Rzońca, Ilhan Kyuchyuk, Tineke Strik, Jean-Lin Lacapelle, Eugen Tomac agus Maite Pagazaurtundúa.

Labhair na daoine seo a leanas faoin nós imeachta um aird a tharraingt: Margarida Marques, Bogdan Rzońca agus Maria Grapini.

Labhair Didier Reynders.

Dé Céadaoin an 18 Bealtaine 2022

SA CHATHAOIR: Michal ŠIMEČKA

Leas-Uachtarán

Labhair Terry Reintke.

Tugadh an díospóireacht chun críche.

Vótáil: ítim 7.5 de mhiontuairiscí an 19.5.2022.

21. Comhdhéanamh na Parlaiminte

Thug údaráis inniúla na Slóivéine fógra gur toghadh Matjaž Nemeč le dul in ionad Tanja Fajon mar Fheisire Parlaiminte, le héifeacht ón 18 Bealtaine 2022.

Thug an Pharlaimint a thoghadh dá haire.

Faoi Riail 3(2), go dtí go raibh a chuid dintiúr fíoraithe nó go dtí go raibh rialú tugtha ar aon díospóid, agus ar choinníoll go ndearna sé dearbhú i scríbhinn roimhe sin á rá nach raibh sé i seilbh aon oifige atá ar neamhréir le hoifig Feisire de Pharlaimint na hEorpa, thógfadh Matjaž Nemeč a shuíochán sa Pharlaimint agus ar a cuid comhlachtaí, agus na cearta go léir a ghabhann leis sin a theachtadh.

22. Tuarascáil 2021 maidir leis an Macadóin Thuaidh (díospóireacht)

Tuarascáil ar Thuarascáil 2021 ón gCoimisiún maidir leis an Macadóin Thuaidh [2021/2248(INI)] — An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha. Rapóirtéir: Ilhan Kyuchyuk (A9-0133/2022)

Ilhan Kyuchyuk a chuir an tuarascáil i láthair.

Labhair Didier Reynders (comhalta den Choimisiún).

